FORÓGRA GIRONA AR CHEARTA TEANGA

Bailíonn PEN International scríbhneoirí an domhain le chéile. Dearbhaíonn an Forógra seo, a réitigh Coiste Idirnáisiúnta PEN um Aistriúchán agus Chearta Daonna i Girona (Bealtaine 2011) agus a faomhadh ag an 77ú Comhdháil (Meán Fómhair 2011) deich treoirphrionsabal lárnacha PEN International faoi chearta teanga.

1. Oidhreacht dhomhanda í éagsúlacht teanga ar chóir meas a bheith uirthi agus ar chóir a chosaint.

2. Tá meas ar gach teanga is ar gach cultúr bunúsach chun deachaidreamh agus an tsíocháin a chur is a choimeád faoi réim ar fud na cruinne.

3. Is i gcroílár an phobail a thugann beatha, teanga, cultúr agus féiniúlacht dóibh a fhoghlaimíonn daoine conas labhairt.

4. Ní modhanna cumarsáide amháin iad teangacha éagsúla agus modhanna difriúla cainte: is iad freisin an timpeallacht ina fhásann daoine agus ina dtógtar cultúir.

5. Tá se mar cheart ag gach pobal teanga go n-úsáidfí a dteanga mar theanga oifigiúil ina ndúiche fhéin.

6. Ní mór do theagasc sna scoileanna cur le seasamh na teanga a labhraíonn an pobal teanga sa dúiche.

7. Tá sé inmholta go mbeadh eolas ginearálta ag saoránaigh ar theangacha éagsúla toisc go gcothaíonn sé comhbhá agus oscailteacht aigne agus go gcuireann sé le tuiscint an duine ar a theanga féin.

8. Gné an-tábhachtach é i gcothú chomhthuisceana agus measa i measc daoine is ea aistriú téacsanna, go háirithe mórshaothair ó chultúir éagsúla.

9. Callaire faoi phribhléid iad na meáin chun go n-éireodh le héagsúlacht teanga agus chun meas uirthi a mhéadú go cumasach is go críochnúil.

10. Ní mór do na Náisiúin Aontaithe ceart an duine chun a theanga féin a úsáid is a chosaint a aithint mar cheann de na bunchearta daonna.

Girona, 13 Mai, 2011
Translated by Dónall Ó Riagáin